

Ceacht a Dó

Lesson Two

Cad a dhéanann tú?

What do you do?

Leathanach 1

Page 1

1. An ólann tú tae?

Nach n-ólann tú tae?

Ólann. Ólann mé tae gach maidin.

Ní ólann. Ní ólann mé tae riamh.

Do you drink tea?

Don't you drink tea?

Yes. I drink tea every morning.

Nó. I never drink tea.

Cad a ólann tú?

Ólaim caife.

Ólann tú caife.

Ólann sé caife.

Ólann sí caife.

Ólaimid caife.

Ólann sibh caife.

Ólann siad caife.

Ólann Seán caife.

What do you drink?

I drink coffee.

You drink coffee.

He drinks coffee.

She drinks coffee.

We drink coffee.

Y'all drink coffee.

They drink coffee.

John drinks coffee.

Cá n-ólann tú caife ar maidin?

Ólaim sa bhaile é.

Where do you drink coffee in the morning?

I drink it at home.

2. An gceannaíonn tú brioscáí?

Nach gceannaíonn tú brioscáí?

Ceannaíonn. Ceannaíonn mé iad.

Ní cheannaíonn. Ni cheannaíonn mé iad.

Do you buy cookies?

Don't you buy cookies?

Yes. I buy them.

Nó. I don't buy them.

Cad a cheannaíonn tú?

Ceannaím brioscáí.

Ceannaíonn tú brioscáí.

Ceannaíonn sé brioscáí.

Ceannaíonn sí brioscáí.

Ceannaímid brioscáí.

Ceannaíonn sibh brioscáí.

Ceannaíonn siad brioscáí.

Ceannaíonn Máire brioscáí.

What do you buy?

I buy cookies.

You buy cookies.

He buys cookies.

She buys cookies.

We buy cookies.

Y'all buy cookies.

They buy cookies.

Mary buys cookies.

Cá gceannaíonn tú brioscáí?

Ceannaím san ollmhargadh iad.

Where do you buy cookies?

I buy them in the supermarket.

3. An itheann tú feoil?

Nach n-itheann tú feoil?

Ittheann. Ní itheann.

Ithim. Ní ithim.

Do you eat meat?

Don't you eat meat?

Yes (eat). No (don't eat).

Yes (I eat). Nó (I don't eat).

4. An gcloiseann tú mé?

Nach gcloiseann tú mé?

Cloiseann. Ní chloiseann.

Cloisim. Ní chloisim.

Do you hear me?

Don't you hear me?

Yes (hear). No (don't hear).

Yes (I hear). Nó (I don't hear).

Ceacht a Dó Lesson Two

Cad a dhéanann tú? What do you do?

Leathanach 2 Page 2

- | | | |
|-----|--|---|
| 5. | An dtagann tú anseo gach lá? Nach dtagann tú anseo gach lá? Tagann. Ní thagann. Tagaim. Ní thagaim. | Do you come here every day? Don't you come here every day? Yes (come). No (don't come). Yes (I come). No (I don't come). |
| 6. | An dtugann tú do mhadra leat? Nach dtugann tú do mhadra leat? Tugann. Ní thugann. Tugaim. Ní thugaim. | Do you bring your dog with you? Don't you bring your dog with you? Yes (bring). No (don't bring). Yes (I bring). No (I don't bring). |
| 7. | An ndéanann tú bia sa bhaile? Nach ndéanann tú bia sa bhaile? Déanann. Ní dhéanann. Déanaim. Ní dhéanaim. | Do you make food at home? Don't you make food at home? Yes (make). No (don't make). Yes (I make). No (I don't make). |
| 8. | An dtéann tú abhaile ar an mbus? Nach dtéann tú abhaile ar an mbus? Téann. Ní théann. Téim. Ní théim. | Do you go home on the bus? Don't you go home on the bus? Yes (go). No (don't go). Yes (I go). No (I don't go). |
| 9. | An bhfeiceann tú Máire? Nach bhfeiceann tú Máire? Feiceann. Ní fheiceann. Feicim. Ní fheicim. | Do you see Mary? Don't you see Mary? Yes (see). No (don't see). Yes (I see). No (I don't see). |
| 10. | An bhfaigheann tú leabhair sa phost? Nach bhfaigheann tú leabhair sa phost? Faigheann. Ní fhaigheann. Faighim. Ní fhaighim. | Do you get books in the mail? Don't you get books in the mail? Yes (get). No (don't get). Yes (I get). No (I don't get). |
| 11. | An ndeir tú é sin le do chairde? Nach ndeir tú é sin le do chairde? Deir. Ní deir. Deirim. Ní deirim. | Do you say that to your friends? Don't you say that to your friends? Yes (say). No (don't say). Yes (I say). No (I don't say). |
| 12. | An bhfuil tú tinn? Nach bhfuil tú tinn? Tá. Níl. Táim. Nílim. | Are you sick? Aren't you sick? Yes (is). No (isn't). Yes (I am). No (I'm not). |
| 13. | An mbíonn tú tinn go minic? Nach mbíonn tú tinn go minic? Bíonn. Ní bhíonn. Bím. Ní bhím. | Are you often sick? Aren't you often sick? Yes (do be). No (don't be). Yes (I do be). No (I don't be). |

Aiste

Essay

(le Honor Mhic Giolla Chlaoin)

| Siopadóireacht (ó <i>Tuairimí</i>) | Shopping (from <i>Opinions</i>) |
|--|--|
| Is duine mé a chaitheann a lán airgid ach ní maith liom siopadóireacht. | I'm a person who spends a lot of money but I don't like shopping. |
| Nuair a théim isteach i siopa beag, seasaim ag an gcountar agus ní fheictear mé. | When I go into a small shop, I stand at the counter and they don't see me. |
| Is cuma cá fhad a sheasaim ansin déantar neamhaird díom agus tagann agus imíonn a lán daoine sula dtugann aon duine faoi deara go bhfuil mé ann. | It doesn't matter how long I stand there they ignore me and a lot of people come and go before anyone notices that I'm there. |
| Nuair a théim isteach in ollmhargadh ceannaím rudaí nach bhfuil uaim in aon chor. | When I go into a supermarket I buy things that I don't need at all. |
| Ina theannta sin bíonn go leor de na hearraí ar sheilfeanna an-arda agus bíonn orm fanacht go dtugann fáthach éigin chun an stuif a fháil dom. | In addition to that a lot of the goods are on very high shelves and I have to wait until some giant comes to get the stuff for me. |
| Ansin téim go dtí an scipéad agus déanaim scrúdú beag ar na scuainí – cé acu is giorra? | Then I go to the register and I make a little study of the lines – which of them is shortest? |
| A luaithe a bhíonn scuaine roghnaithe agam, éiríonn an freastalaí as, nó bíonn duine ann romham nár mheáigh na torthaí, nó bíonn fadhb le seic. | As soon as I have chosen a line, the cashier leaves, or there is someone in front of me who didn't weigh the fruit, or there is a problem with a check. |
| Is cúis iontais dom an chaoi a ndéanann daoine dearmad go gcaithfidh siad íoc as na hearraí agus nach dtosaíonn siad ag oscailt na máláí go dtí an nóiméad deireanach, an chaoi a gcaitheann siad go leor ama ag cuardach sa sparán, nó an chaoi a dtarraingíonn siad amach seicleabhar gan aon pheann acu nó gan a fhios acu cén dáta atá ann ... ansin faoi dheireadh tagaim go barr na scuaine. | It's a cause of amazement to me the way people forget that they have to pay for the goods and that they don't begin to open the bags until the last minute, the way they spend a lot of time searching in the purse, or the way they pull out a checkbook without having a pen or without knowing what the date is ... then at last I come to the front of the line. |